C/2024/5570

20.9.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5570)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Curtefranca’

PDO-IT-A1042-AM02

Dáta na teachtaireachta: 26.6.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Rialacha maidir le fíonsaothrú – airde fíonghort

Fuarthas réidh leis an srian ar airde fíonghort. Tá an fhéidearthacht fíniúnacha a fhás i limistéir níos fuaire mar chuid de lear mór foriomlán straitéisí chun dul i ngleic leis an ardú ginearálaithe ar theochtaí. Is ailíniú tábhachtach é freisin le sonraíocht táirge Franciacorta ós rud é go bhfuil an dá ainm ann ag an am céanna sa limistéar céanna.

Baineann an leasú le hAirteagal 4.1 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

2. Rialacha maidir le fíonsaothrú – táirgeacht fíonchaor in aghaidh an heicteáir

Laghdaíodh an táirgeacht uasta is féidir a bhaint as Curtefranca bán ó 11 go 10 dtona/ha, rud a fhágann go bhfuil sé i gcomhréir le táirgeacht Franciacorta. Tá roinnt buntáistí ag baint leis sin. Baineann an chéad cheann leis an gcáilíocht, mar thoradh ar an laghdú ar aschur, baineann an dara ceann leis an mbainistíocht. Is é an toradh a bhíonn air sin córas atá simplithe go mór, go háirithe maidir le barrachas a úsáid.

Déanann an leasú difear d’Airteagal 4.4 den tsonraíocht táirge agus roinn 5.2 den doiciméad aonair maidir le huastáirgeacht.

3. Rialacha maidir le fíonsaothrú – cainníocht na bhfíonchaor is féidir a bhaint

Laghdaíodh cainníocht na bhfíonchaor is féidir a bhaint don chéad 2 bhliain – arna áireamh ón gcéad bhliain fíonsaothrúcháin tar éis an fíonghort a chur – agus an chainníocht á tabhairt i gcomhréir le Franciacorta.

An chéad bhliain: nialas (gan athrú); an dara bliain: nialas (arna laghdú 4.4 tona/ha); an tríú bliain: 6 thona/ha (nua).

Baineann an leasú le hAirteagal 4.5 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

4. Ainmniúchán agus cur i láthair

Cé go bhfuil tásca datha roghnach, más rud é go bhfuil siad le feiceáil sa réimse radhairc céanna leis na sonraí sainordaitheacha eile, sonraítear nár cheart iad a bheith os cionn ainm an ainmniúchán, ach nach mór an ceanglas sin a chomhlíonadh sa chomhthéacs sin amháin. Má tá ‘lipéad íomhánna’ ann freisin, ní bheidh aon ghá leis an gcoinníoll sin a chur i bhfeidhm anseo freisin. Chun cur in iúl an ainmniúcháin ar an lipéad íomhá a chomhchuibhiú, áfach, beidh sé éigeantach an t-ainm ‘Curtefranca’ a thaispeáint i gcarachtair ar airde 3 mm ar a laghad.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Baineann an leasú le hAirteagal 7.6 den tsonraíocht táirge agus roinn 9 den doiciméad aonair, ‘Coinníollacha breise fíor-riachtanacha – Forálacha breise a bhaineann le lipéadú’.

5. **Rialacha maidir le fíonóireacht, Saintréithe maidir le tomhaltas, Ainmniúchán agus cur i láthair – Tagairtí dlíthiúla a thabhairt cothrom le dáta**

Tugadh na tagairtí dlíthiúla in Airteagail 5, 6 agus 7 den tsonraíocht táirge cothrom le dáta. Is athruithe foirmiúla iad sin nach mbaineann leis an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Curtefranca

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *An Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

— 2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

—

1. Curtefranca dearg agus Curtefranca dearg leis an bhfocal ‘vigna’

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath gealdhearg agus imireacha gléineacha de dhath an rúibín ann. Sa leagan ‘vigna’, fíordhearg le himireacha dearga an ghairnéid. Dea-bholadh: torthaíoch, sainiúil, b’fhéidir luibheach; blas: tathag meánach, tirim, fíonmhar, comhchuí, veilbhitiúil. Struchtúr agus castacht níos mó sa leagan ‘vigna’ mar gheall ar aosú in adhmad agus sa bhuidéal. Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % toirt (12 % toirt sa leagan ‘vigna’); Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l (20 g/l sa leagan ‘vigna’).

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Curtefranca bán agus Curtefranca bán leis an bhfocal ‘vigna’

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath na tuí agus imireacha scothghlasa ann, níos déine sa leagan ‘vigna’. Dea-bholadh: éadrom, bláthach, sainiúil. Blas: tirim agus bog, tathagach, blasta. Struchtúr agus castacht níos mó sa leagan ‘vigna’ mar gheall ar aosú in adhmad agus sa bhuidéal. Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11 % (12 % sa leagan ‘vigna’); Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15 g/l (17 g/l sa leagan ‘vigna’).

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

5.2. *Uastáirgeacht:*

1. Curtefranca dearg

   68 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Curtefranca dearg

   10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Curtefranca dearg leis an bhfocal ‘vigna’

   54.4 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Curtefranca dearg leis an bhfocal ‘vigna’

   8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Curtefranca bán

   68 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Curtefranca bán

   10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. Curtefranca bán leis an bhfocal ‘vigna’

   61.2 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Curtefranca bán leis an bhfocal ‘vigna’

   9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsítear na bardais seo a leanas ina n-iomláine sa limistéar ina bhfástar fíonchaora chun fíonta ‘Curtefranca’ a tháirgeadh: Paratico, Capriolo, Adro, Erbusco, Corte Franca, Iseo, Ome, Monticelli Brusati, Rodengo Saiano, Paderno Franciacorta, Passirano, Provaglio d’Iseo, Cellatica agus Gussago, mar aon leis an gcuid sin de chríoch bhardais Cologne, Coccaglio, Rovato agus Cazzago San Martino atá suite ar an taobh thuaidh de mhórbhealaí Stáit Uimh. 573 agus Uimh. 11 agus ar cuid iad de chríoch bhardas Brescia.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Cabernet Franc N. – Cabernet

Cabernet Sauvignon N. – Cabernet

Carmenère N. – Cabernet Nostrano

Chardonnay B.

Merlot N.

Pinot Bianco B. – Pinot

Pinot Nero N. – Pinot

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

Curtefranca

Tá Curtefranca suite gar do Loch Iseo, agus baineann sé taitneamh as a éifeachtaí tairbhiúla. Maolaítear an teas sa samhradh le sruthanna a thagann feadh na conaire atá cruthaithe ag Val Camonica agus ag an loch, agus sa gheimhreadh tugann an loch féin an teas carntha ar ais, rud a mhodhnaíonn teochtaí. A mhéid a bhaineann le hithir, tá an limistéar táirgeachta ilchineálach, agus tá sé limistéar ithreach ar leith ann. Tá fás spontáineach tagtha ar an bhfíniúin ó bhí an réamhstair ann. Tugann doiciméid ón naoú, ón deichiú agus ón aonú haois déag, amhail léarscáileanna de mhainistreacha iomráiteacha, fianaise ar leathadh na bhfíniúnacha, atá scaipthe ar fud an limistéir, arna n-éascú ag dálaí fabhracha aeráide agus ithreach.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Agus an táirge á chur i láthair agus á ainmniú, tá na téarmaí 'bán' (*bianco*) agus 'dearg' (*rosso)* roghnach; má tá siad le feiceáil sa réimse radhairc céanna leis na sonraí sainordaitheacha uile, ní mór dóibh a bheith díreach faoi bhun an ainm 'Curtefranca' agus 'ainmniúchán tionscnaimh rialaithe' (*denominazione di origine controllata)* araon, agus ní mór iad a phriontáil i gcónaí i gcarachtair nach mó ná dhá thrian de mhéid agus airde an ainmniúcháin.

I gcás ina bhfuil lipéad íomhá ann, ní mór an t-ainm 'Curtefranca' a léiriú ar an lipéad sin i litreacha atá 3 mhilliméadar ar airde ar a laghad, agus féadfaidh aon fhocal eile a bheith ar an lipéad céanna, gan aon srian ó thaobh méide de maidir leis an ainm 'Curtefranca'.

Nasc leis an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/21586